Gradam Shean-Nós Cois Life

8pm Satharn 28/03/2026

Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026

Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026

á bhronnadh ar an amhránaí

Mairéad Ní Cheallaigh.

Bronnfar an gradam ag seisiún mór amhránaíochta agus ceoil

ar an Satharn 28/03/2026

i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6

ag tosú ag 8pm.

Fáilte roimh chách chuig an gceiliúradh seo áit a mbeidh seans agat cúpla amhrán a chasadh agus cúpla tiúin a sheinm inár dteannta!

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026 le bronnadh ar Mhairéad Ní Cheallaigh

Tá amhránaithe ar leith ann a dhéanann iarracht speisialta an saibhreas a bhaineann lena ndúchas a chur ar aghaidh agus a scaipeadh i measc a bpobal. Is amhránaí den tsaghas sin Mairéad Ní Cheallaigh atá ina cónaí anois le blianta i nGaeltacht Ráth Chairn i gContae na Mí. Ní fios an méid gasúr go speisialta atá tar éis teacht faoina tionchar agus amhráin a fhoghlaim uaithi. Is minic a ndéantar faillí ar na daoine sin a bhíonn ag obair sa gcúlra gan aird ar bith a tharraingt orthu fhéin chun an saibhreas seo a roinnt le daoine eile. Is chun ár mbuíochas a chur in iúl di as an obair mhór sin a bhfuil Gradam Shean-Nós Cois Life á bhronnadh uirthi i mbliana.

Sean-Nós Cois Life

Is in 1992 a bunaíodh an fhéile Sean-Nós Cois Life rud a chiallaíonn go mbeidh an 35ú féile á ceiliúradh againn in 2026. Ón gcéad fhéile a bhí againn in 1992 tá muid ag cur amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge chun cinn ar bhealach oscailte fáiltiúil.

Bronntar Gradam Shean-Nós Cois Life gach bliain ar dhuine nó ar dhaoine a meastar go bhfuil saibhriú faoi leith déanta acu ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge thar na blianta.

Tuilleadh eolais: www.seannos.ie

@SeanNosCoisLife **sncl2009@gmail.com**

Gradam Shean-Nós Cois Life

8pm Saturday 28/03/2026

The Teachers' Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026

We are delighted to announce that

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026

will be presented live to the traditional singer

Mairéad Ní Cheallaigh

during an open

Session of traditional song and music

on Saturday 28/03/2026

in The Teachers's Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6

starting at 8pm.

Everybody is welcome to join in this celebration where you will have a chance to sing or listen to a couple of traditional songs and listen to or play a few tunes!

Gradam Shean-Nós Cois Life 2026 to be presented to Mairéad Ní Cheallaigh

There are particular singers who immerse themselves in the cultural traditions of their area and who then unselfishly devote themselves to passing on and to spreading that richness among their community. One such singer is Mairéad Ní Cheallaigh who is living in the Gaeltacht of Ráth Chairn now for many years. It would be a difficult task indeed to say just how many children in particular have come under her influence over the years and have learnt songs from her. It is to express our gratitude to her for her untiring work in this area that the Gradam Shean-Nós Cois Life award is being presented to her.

Sean-Nós Cois Life

*The **Sean-Nós Cois Life** festival was first founded in 1992 so 2026 sees us celebrate our 35th festival. From 1992 to the present moment the **Sean-Nós Cois Life** festival has been encouraging traditional singing in the Irish language in an open, friendly and welcoming atmosphere.*

The Gradam Shean-Nós Cois Life award is presented each year in recognition of the special contribution made by its recipient to traditional singing in the Irish language.

www.seannos.ie **@SeanNosCoisLife** sncl2009@gmail.com